CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 214/2020

an 11 Nollaig 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2016]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2017/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha agus Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 31bd (Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

', arna leasú le:

— **32017 R 1991**: Rialachán (AE) 2017/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 (IO L 293, 10.11.2017, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Ní bheidh feidhm ag mír 2 go mír 6 d'Airteagal 10 agus pointe (b) d'Airteagal 13(1) maidir le bainisteoirí atá ann cheana i ndáil le cistí caipitil fiontair cáilitheacha atá ann cheana le linn téarmaí na gcistí sin ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 214/2020 ó Chomhchoiste LEE an 11 Nollaig 2020. Áiritheoidh na bainisteoirí sin gur féidir leo leordhóthanacht a gcistí dílse a dhlisteanú i gcónaí chun leanúnachas oibríochtúil a choimeád.'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 31be (Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

', arna leasú le:

— **32017 R 1991**: Rialachán (AE) 2017/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 (IO L 293, 10.11.2017, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Ní bheidh feidhm ag mír 2 go mír 6 d'Airteagal 11 agus pointe (b) d'Airteagal 14(1) maidir le bainisteoirí atá ann cheana i ndáil le cistí fiontraíochta sóisialta cáilitheacha atá ann cheana le linn téarmaí na gcistí sin ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 214/2020 ó Chomhchoiste LEE an 11 Nollaig 2020. Áiritheoidh na bainisteoirí sin gur féidir leo leordhóthanacht a gcistí dílse a dhlisteanú i gcónaí chun leanúnachas oibríochtúil a choimeád.'

([1]) IO L 293, 10.11.2017, lch. 1.

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2017/1991 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 12 Nollaig 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 64/2018 ó Chomhchoiste LEE an 23 Márta 2018 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Sabine MONAUNI

* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

([2]) IO L 26, 30.1.2020, lch. 60